Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2019
(OR. en)

14546/1/19
REV 1

JAI 1258
COPEN 462
DROIPEN 192
EUROJUST 205
EJN 105

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 3 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14075/19 + COR 1 + COR 2 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta malartacha ar choinneáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le bearta malartacha ar choinneáil, úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála i réimse an Cheartais Choiriúil, a ghlac an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ar an 3 Nollaig 2019.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE BEARTA MALARTACHA AR CHOINNEÁIL:
# ÚSÁID SMACHTBHANNAÍ AGUS BEART NEAMHCHOINNEÁLA I RÉIMSE AN CHEARTAIS CHOIRIÚIL

## Réamhrá

1. Sa Chlár Oibre Straitéiseach nua do 2019-2024, a ghlac an Chomhairle Eorpach ar an 20 Meitheamh 2019, leagtar síos cosaint na saoránach agus saoirsí mar phríomhthosaíochtaí don chéad timthriall institiúideach eile. Tá an tAontas Eorpach tiomanta cur leis an gcomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus na coireachta trasteorann agus an comhrac sin a neartú, agus an comhar a fheabhsú.

2. Tá ról tábhachtach ag córais éifeachtacha de smachtbhannaí coiriúla i ndáil le saoránaigh a chosaint agus an tslándáil a áirithiú. Leis na smachtbhannaí agus na bearta coiriúla a úsáidtear mar aon leis an gcaoi a ndéantar iad a fhorfheidhmiú, cuidítear le hathchiontú a chosc agus bíonn éifeacht ag an méid sin ar an tslándáil sa tsochaí.

3. Ba cheart forfheidhmiú na smachtbhannaí coiriúla agus na mbeart coiriúil a bheith bunaithe ar eolas a eascraíonn as taighde ábhartha a léiríonn go laghdaítear athchiontú agus go ndéantar an tslándáil a chur chun cinn mar gheall ar na smachtbhannaí agus na bearta a úsáidtear.

4. Ní mór freagairtí cuí a thabhairt ar chionta tromchúiseacha, agus is ionstraim riachtanach é coinneáil i gcórais smachtbhannaí coiriúla. Ar an mórgóir, áfach, táthar ar aon fhocal nár cheart coinneáil a úsáid ach mar rogha dheireanach (*ultima ratio*)[1]. D'fhéadfadh roinnt buntáistí a bheith ag baint le smachtbhannaí agus bearta neamhchoinneála - seachas coinneáil - i gcás inarb iomchuí agus ag cur san áireamh cúinsí aonair an cháis, arna thacú ag traidisiún seanbhunaithe taighde.

---

[1] Féach, mar shampla, pointe 4 sna haithrisí ar Mholadh Rec(2006)2 ó Choistí Airí Chomhairle na hEorpa chuig na Ballstáit maidir le Rialacha Phríosúin na hEorpa: "Ní bhainfear a shaoirse d'aon duine ach amháin mar rogha dheireanach agus de réir nós imeachta a bheas ordaithe leis an dlí". Tá tagairt déanta ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine do na moltaí sin níos mó ná 1000 uair ina cuid cásdlí.

5. Ról tábhachtach atá ag bearta malartacha ar choinneáil is ea athshlánú sóisialta agus athimeascadh an chiontóra a chur chun cinn, rud atá ar cheann de na príomhaidhmeanna na bearta sin a úsáid[2]. Tá roinnt tairbhí eile ag na bearta malartacha sin freisin, go háirithe trí athchiontú a laghdú, agus, dá bhrí sin, tríd an tslándáil phoiblí a chur chun cinn. Féadfar iad a chur i bhfeidhm ar mhaithe le leas an chiontóra ach, ina theannta sin, ar mhaithe le leas na n-íospartach, na n-íospartach a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus, ar bhonn níos ginearálta, ar mhaithe le leas na sochaí.

6. Tá bearta malartacha ar choinneáil ann sna Ballstáit uile, mar shampla i bhfoirm pianbhreith príosúin ar fionraí, seirbhís pobail, pionóis airgeadais agus faireachán leictreonach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí cuidiú le córas smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála níos éifeachtaí a bheith ann amach anseo trí fhorbairtí nua a dhéanamh sa teicneolaíocht agus sa digitiú.

7. Tá sé ríthábhachtach freisin íospartaigh na coireachta a chur san áireamh. Maidir le cionta atá oiriúnach lena n-idirghabháil, tá deiseanna ag baint le ceartas aisiríoch i ndáil leis an gcaoi a ndéileáiltear le cionta, trí aitheantas a thabhairt do ról an íospartaigh agus na sochaí i gcoitinne agus trí dhíriú ar an dochar arna dhéanamh ag an gciontóir a dheisiú.

8. Ní hamháin go n-úsáidtear coinneáil mar smachtbhanna coiriúil, ach úsáidtear go forleathan í freisin sa chéim réamhthrialach de na himeachtaí. Ba cheart bearta malartacha ar choinneáil a mheas, dá bhrí sin, ar fud shlabhra iomlán an cheartais choiriúil.

9. Maidir le cásanna aonair, is iad na húdaráis ábhartha a chinneann an smachtbhanna nó an beart iomchuí. Ar leibhéal ginearálta, féadfaidh na Ballstáit imscrúdú a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le húsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála le linn na n-imeachtaí coiriúla agus a n-úsáid a chur chun cinn, nuair is iomchuí agus is éifeachtach.

---

2 Féach, mar shampla, na Conclúidí ón gComhairle an 8 Márta 2018: Roghanna eile, seachas smachtbhannaí comhéigneacha, a chur chun cinn i gcás ciontóirí úsáidte drugaí, 6931/18, mar aon leis an *European Union Drugs Strategy 2013/2020* [Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2013-2020] (IO C 402, 29.12.2012, lch 1) agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2017-2020 (IO C 215, 5.7.2017, lch. 21).

10. Tagann an córas smachtbhannaí coiriúla faoi inniúlacht na mBallstát agus tá córais éagsúla ann sna Ballstáit éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart díriú ar bhearta neamhreachtacha ar leibhéal an Aontais.

11. I dteannta na dtairbhí thuasluaite, táthar ag súil go mbeidh éifeachtaí dearfacha ag úsáid fheabhsaithe smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála ar shaincheisteanna a bhaineann le plódú i bpríosúin, dálaí neamhleordhóthanacha i bpríosúin, radacú na bpríosún agus bacainní san aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla, ar saincheisteanna iad sin go léir a ardaíodh i bhfóraim éagsúla de chuid an Aontais le blianta beaga anuas.

**Bearta malartacha ar choinneáil - cúlra beartais**

12. Tá roghanna malartacha ar choinneáil ar chlár oibre an Aontais, go sainráite nó go hintuigthe, le roinnt blianta anuas agus i roinnt comhthéacsanna. Le Clár na Háige 2004 agus Clár Stócólm 2009 aithníodh gur réimse tábhachtach de bheartas ceartais an Aontais iad coinneáil agus roghanna malartacha uirthi.

13. In 2011, thíolaic an Coimisiún Páipéar Uaine dar teideal *The application of EU criminal justice legislation in the field of detention* (Cur i bhfeidhm reachtaíocht ceartais choiriúil an Aontais i réimse na coinneála)[3]. Sa Pháipéar Uaine sin, measadh, i measc nithe eile, go bhféadfadh sé a bheith deacair comhar breithiúnach níos dlúithe a fhorbairt idir na Ballstáit mura ndéanfaí iarrachtaí dálaí coinneála a fheabhsú agus roghanna malartacha ar choinneáil a chur chun cinn.

14. Sa rún uaidh ón 5 Deireadh Fómhair 2017 maidir le córais agus dálaí príosún[4], thug Parlaimint na hEorpa dá haire gur rud fíor-choitianta san Eoraip é plódú i bpríosúin, ach nárbh é toilleadh na bpríosún a mhéadú an t-aon réiteach ar phlódú. D'áitigh an Pharlaimint freisin gur cheart bainistiú éifeachtúil fadtéarmach na gcóras príosúnachta a chur chun feidhme, rud a laghdódh líon na bpríosúnach trí phionóis neamhchoinneála a úsáid níos minice.

---

3 COM (2011) 327 final.
4 A8-0251/2017.

15. Ina theannta sin, sna conclúidí ón gComhairle an 20 Samhain 2015 maidir le feabhas a chur ar fhreagairt an cheartais choiriúil ar an radacú a bhfuil an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air[5], luadh roghanna malartacha ar choinneáil ag gach céim de na himeachtaí coiriúla mar ghníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh agus freagairtí an cheartais choiriúil ar an radacú á mbreithniú.

16. I gcomhréir le hAirteagal 82(1) CFAE, is ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha atá an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla san Aontas bunaithe. Tá prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Sa bhreithiúnas Aranyosi agus Căldăraru uaithi an 5 Aibreán 2016[6], thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le fios go bhféadfadh drochdhálaí príosúin sna Ballstáit dochar a dhéanamh don mhuinín fhrithpháirteach agus an bonn a bhaint den aitheantas frithpháirteach agus chuir sí in iúl go láidir go bhfuil toirmeasc ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Mar thoradh ar an mbreithiúnas, ghlac an Chomhairle conclúidí le linn Uachtaránacht na hOstaire ar an gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí iontaoibh fhrithpháirteach a fheabhsú[7] i mí na Nollag 2018. De réir na gconclúidí sin, moltar do na Ballstáit reachtaíocht a chur i bhfeidhm a fhágann gur féidir, i gcás inarb iomchuí, leas a bhaint as bearta eile seachas daoine a choinneáil d'fhonn a líon siúd atá ina gcuid saoráidí coinneála a laghdú, agus ar an gcaoi sin, aidhm an athshlánaithe shóisialta a chur chun cinn, agus ina theannta sin aghaidh a thabhairt ar an bhfíric gur minic a chuirtear isteach ar an iontaoibh fhrithpháirteach mar gheall ar dhroch-choinníollacha coinneála agus príosúin phlódaithe. Rinne an Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú breise ar na ceanglais ó bhreithiúnas Aranyosi agus Căldăraru sa bhreithiúnas Dorobantu a tugadh le déanaí[8].

17. Tá taithí mhaith ag Comhairle na hEorpa agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le coinneáil agus úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála, agus tá eolas domhain aici ar an ábhar freisin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an tAontas Eorpach tairbhe a bhaint as comhar níos dlúithe le Comhairle na hEorpa maidir leis sin.

---

[5] 14419/15, an 20 Samhain 2015.

[6] Breithiúnas an 5 Aibreán 2016 i gCásanna Uamtha C-404/15 agus C-659/15, Aranyosi agus Căldăraru.

[7] IO C 449, 13.12.2018, lch. 6.

[8] Breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2019 in C-128/18, Dorobantu, ina rinne an Chúirt na ceanglais don údarás breithiúnach forghníomhaithe a shoiléiriú i gcásanna a bhaineann le barántais ghabhála Eorpacha agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit.

**An bealach chun cinn**

18. Ag an gcruinniú a bhí ag na hAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile i mí Iúil 2019, d'admhaigh na hairí gur gá dul i ngleic le saincheisteanna casta a bhaineann leis na dálaí i bpríosúin, plódú i bpríosúin, radacú na bpríosún agus comhar in ábhair choiriúla. Leag na hairí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar úsáid na mbeart malartach seachas coinneáil sna Ballstáit sna blianta atá le teacht agus leagann siad béim ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena n-úsáid.

19. Is díol sásaimh é an dul chun cinn atá déanta cheana sna Ballstáit maidir le bearta malartacha a úsáid chun daoine a choinneáil, ag an gcéim réamhthrialach agus ag an gcéim iarthrialach araon. Le linn na n-imeachtaí coiriúla, ba cheart méadú breise ar úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála mar roghanna malartacha ar choinneáil a bheith mar aidhm chomchoiteann ar fud an Aontais sna blianta atá le teacht, nuair a mheastar gur iomchuí sin.

20. Sa naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, déanfar anailís ar na Cinntí Réime maidir le promhadh agus smachtbhannaí malartacha (2008/947/CGB) agus ar an ordú maoirseachta Eorpach (2009/829/CGB), i measc saincheisteanna eile, agus baileofar faisnéis luachmhar faoi na cúiseanna a raibh úsáid na n-ionstraimí sin teoranta go dtí seo. Is gá, áfach, faisnéis níos leithne a bhailiú maidir le húsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála sna Ballstáit, agus na sochair éagsúla a d'fhéadfadh a bheith acu a phlé.

21. Is bealach úsáideach é dea-chleachtais a chomhroinnt inar féidir leis na Ballstáit foghlaim óna chéile agus a reachtaíocht, a nósanna imeachta agus a gcleachtais féin a fheabhsú. Ina theannta sin, féadfaidh an tAontas leas a bhaint as comhar níos dlúithe le Comhairle na hEorpa agus le heagraíochtaí ábhartha eile.

**DÁ BHRÍ SIN, IS É SEO A LEANAS TÁTAL CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**I. Gníomhaíochtaí atá le déanamh ar an leibhéal náisiúnta**

1. Moltar do na Ballstáit féachaint ar na deiseanna atá ann feabhas a chur, i gcás inarb iomchuí, ar úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála, amhail pianbhreith phríosúin ar fionraí, seirbhís phobail, pionóis airgeadais agus faireachán leictreonach agus bearta comhchosúla atá bunaithe ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

2. Moltar do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí a chumasú foirmeacha éagsúla luathscaoilte nó scaoilte choinníollaigh a úsáid. Is é an aidhm atá leis ciontóirí a ullmhú ar bhealach níos fearr le haghaidh athimeascadh sa tsochaí agus cabhrú le hathchiontú a chosc.

3. Moltar do na Ballstáit féachaint ar an raon feidhme agus na tairbhí a bhaineann leis an gceartas aisiríoch a úsáid.

4. Moltar do na Ballstáit deis a sholáthar ina reachtaíocht chun bearta neamhchoinneála a chur i bhfeidhm freisin sa chéim réamhthrialach d'imeachtaí coiriúla.

5. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh faisnéis a bhaineann leis an reachtaíocht maidir le smachtbhannaí agus bearta neamhchoinneála ar fáil go héasca do chleachtóirí le linn imeachtaí coiriúla.

6. Moltar do na Ballstáit feasacht a mhéadú i measc cleachtóirí dlí maidir leis na tairbhí a bhaineann le bearta malartacha ar choinneáil agus maidir le hinfhaighteacht agus gnéithe teicniúla na n-uirlisí atá ann cheana, amhail faireachán leictreonach.

7. Moltar do na Ballstáit oiliúint a chur ar fáil do chleachtóirí dlí maidir le bearta malartacha ar choinneáil a úsáid, lena n-áirítear ceartas aisiríoch, agus maidir leis na moltaí atá ann cheana mar a d'fhorbair Comhairle na hEorpa ar an ábhar seo.

8. Moltar do na Ballstáit oiliúint a fhorbairt nó a fheabhsú d'fhoirne príosúin agus promhaidh, do bhreithiúna, d'ionchúisitheoirí agus do dhlíodóirí cosanta maidir leis an ábhar agus an úsáid a bhaintear as Cinntí Réime maidir le promhadh agus smachtbhannaí malartacha (2008/947/CGB) agus maidir le hordú maoirseachta Eorpach (2009/829/CGB) agus feasacht a mhéadú maidir leis an raon feidhme chun smachtbhannaí agus bearta neamhchoinneála a úsáid le linn imeachtaí coiriúla.

9. A mhéid a bhaineann le bearta malartacha ar choinneáil a úsáid, moltar do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar riachtanais daoine leochaileacha amhail leanaí, daoine faoi mhíchumas agus mná le linn toirchis agus tar éis dóibh a bpáiste a thabhairt ar an saol.

10. Moltar do na Ballstáit feabhas a chur ar an mbailiú sonraí a bhaineann le húsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála, le cur i bhfeidhm na gCinntí Réime maidir le promhadh agus smachtbhannaí malartacha (2008/947/CGB) agus leis an ordú maoirseachta Eorpach (2009/829/CGB).

11. Moltar do na Ballstáit feabhas a chur ar acmhainneacht na seirbhísí promhaidh, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar smachtbhannaí neamhchoinneála.

12. Moltar do na Ballstáit dea-chleachtais a roinnt lena chéile agus leis an gCoimisiún a mhéid a bhaineann le gnéithe uile na smachtbhannaí agus na mbeart neamhchoinneála, agus é mar aidhm acu foghlaim óna chéile.

13. Moltar do na Ballstáit freisin leanúint dá n-iarrachtaí feabhas a chur ar na dálaí i bpríosúin, chun plódú i bpríosúin a chomhrac agus chun athimeascadh ciontóirí sa tsochaí a chur chun cinn, agus an tionchar ar laghdú an atitimeachais agus baol an radacaithe á gcur san áireamh."

## II. Gníomhaíochtaí atá le déanamh ar leibhéal an Aontais

1. Iarrtar ar an gCoimisiún féachaint ar na roghanna chun úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála a chur chun cinn ina chlár oibre agus feasacht a mhéadú maidir leis na tairbhí a bhaineann le smachtbhannaí agus bearta neamhchoinneála i measc lucht ceaptha agus cleachtóirí beartais.

2. Iarrtar ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le staidéar comparáideach a dhéanamh chun anailís a dhéanamh ar úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála sna Ballstáit uile d'fhonn tacú le scaipeadh na ndea-chleachtas náisiúnta.

3. Iarrtar ar an gCoimisiún leanúint d'fheabhas a chur ar chur chun feidhme Chinntí Réime an Aontais maidir le promhadh agus smachtbhannaí malartacha (2008/947/CGB) agus maidir leis an ordú maoirseachta Eorpach (2009/829/CGB), agus an fhaisnéis a bailíodh le linn an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha á cur san áireamh.

4. Iarrtar ar an gCoimisiún oiliúint a fhorbairt do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí tríd an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB), maraon le hoiliúint d'fhoirne príosúin agus promhaidh ar leibhéal Aontais trí na hAcadaimh Oiliúna Phríosúnacha Eorpacha (EPTA) atá á maoiniú faoi láthair ag an gclár um Cheartas.

5. Iarrtar ar an gCoimisiún cruinnithe rialta de shaineolaithe ar choinneáil agus smachtbhannaí agus bearta neamhchoinneála a sheoladh d'fhonn malartú dea-chleachtas idir saineolaithe agus cleachtóirí ar fud na mBallstát go léir a spreagadh a mhéid a bhaineann le beartais agus cleachtais náisiúnta sa réimse sin.

6. Iarrtar ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfar maoiniú a thabhairt do na Ballstáit chun seirbhísí promhaidh a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar smachtbhannaí agus bearta neamhchoinneála agus feabhas a chur ar shaoráidí príosúin.

7. Iarrtar ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt don Eagraíocht Eorpach um Sheirbhísí Príosúin agus Ceartúcháin (EuroPris), do Chónaidhm an Phromhaidh Eorpaigh (CEP) agus don Fhóram Eorpach um Cheartas Aisiríoch (EFRJ), atá á maoiniú faoi láthair faoin gclár um Cheartas. Iarrtar air féachaint ar na roghanna atá ann le haghaidh comhar níos dlúithe leis na heagraíochtaí sin, go háirithe trí thacú le hobair CEP maidir le sonraí a bhailiú i ndáil le roghanna malartacha ar choinneáil sna Ballstáit.

8. Moltar don Ghréasán Breithiúnach Eorpach (EJN) leanúint den phlé ag a chuid cruinnithe maidir le Cinntí Réime a úsáid i ndáil le promhadh agus smachtbhannaí malartacha (2008/947/CGB) agus i ndáil leis an Ordú Maoirseachta Eorpach (2009/829/CGB). Is é an aidhm atá ann constaicí ar chur i bhfeidhm praiticiúil na n-ionstraimí a shainaithint agus bealaí a lorg chun úsáid na n-ionstraimí sin a mhéadú.

9. Moltar don Ghréasán Breithiúnach Eorpach leanúint den Atlas Breithiúnach Eorpach a nuashonrú ar bhonn rialta.

10. Iarrtar ar EJN machnamh a dhéanamh ar fhaisnéis a bhailiú ar shuíomh gréasáin maidir leis na smachtbhannaí agus na bearta éagsúla neamhchoinneála i ngach Ballstát. Chun na críche sin, féadfar comhar le haon eagraíocht ábhartha, lena n-áirítear Cónaidhm an Phromhaidh Eorpaigh (CEP), a mheas.

## III. Gníomhaíochtaí atá le déanamh chun comhar le Comhairle na hEorpa agus le heagraíochtaí ábhartha eile a fheabhsú

1. Ba cheart don Aontas oibriú go dlúth le Comhairle na hEorpa agus le heagraíochtaí ábhartha eile chun sineirgí a aimsiú maidir le hobair a bhaineann le coinneáil agus le húsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála.

2. Moltar don Choimisiún agus do na Ballstáit feabhas a chur ar an gcomhar le Comhairle na hEorpa agus le heagraíochtaí ábhartha eile, d'fhonn cur leis an bhfeasacht ar na tairbhí a bhaineann le smachtbhannaí agus bearta neamhchoinneála a úsáid. Iarrtar ar an gCoimisiún leanúint den chomhar le Comhairle na hEorpa trí thacaíocht airgeadais a thabhairt do bhailiú staidrimh i réimse na bpríosún agus an phromhaidh (Staidreamh SPACE) agus d'oibriú Líonra an Aontais Eorpaigh um Shásraí Náisiúnta Coisctheacha (SNCanna AE).

3. Iarrtar ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar bhealaí chun scaipeadh na dtéacsanna sin ina leagtar síos caighdeáin ó Chomhairle na hEorpa, cásdlí ábhartha na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus moltaí CPT maidir le coinneáil agus úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála a chur chun cinn.